Coimisiún na Meán

# Freagra ar Chomhairliúchán: Ordú Tobhaigh 2025

Dáta foilsithe: 11 Nollaig 2024

Freagairt ar an gComhairliúchán maidir leis an Ordú Tobhaigh beartaithe i leith na tréimhse tobhaigh ón 1 Eanáir 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025, de bhun an Achta Craolacháin 2009

# Clár Ábhar


Réamhrá agus cúlra 3

Cuspóir an Chomhairliúcháin agus Achoimre Air 3

Forbhreathnú ar na Príomhcheisteanna a Ardaíodh mar Fhreagra ar Chomhairliúchán 4

Líon na dTobhach (4.1 den Chomhairliúchán) 4

An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do Chraoltóirí Teilifíse (4.2 den Chomhairliúchán) 5

Alt 71 Conraitheoirí (4.2.1 den chomhairliúchán) 6

An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do chraoltóirí raidió / fuaime (4.3 den Chomhairliúchán) 6

An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do sholáthraithe Físeán-ar-éileamh (VOD) (4.4. den Chomhairliúchán) 7

An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do Sheirbhísí Ainmnithe Ar Líne (4.5 den Chomhairliúchán) 7

An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (Roinn 4.6 den Chomhairliúchán) 8

An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do sholáthraithe seirbhísí óstála (TCOR) (4.7 den Chomhairliúchán) 9

Raon feidhme geografach na méadrachta (5.1 den Chomhairliúchán) 10

Tréimhse ama na méadrachta (5.2 den Chomhairliúchán) 10

Soláthraithe Seirbhísí Iomadúla (5.3 den Chomhairliúchán) 10

Díolúintí de minimis (Alt 5.4 den Chomhairliúchán) 10

Clár maidir le Dearbhú an Réitigh Tobhaigh (Roinn 5.5 den Chomhairliúchán) 11

Saincheisteanna Eile 11

Na Céimeanna atá Romhainn 12

# Réamhrá agus cúlra

Leis an Acht um Sheirbhísí Digiteacha (Tobhach) 2024, a ioncorpraíodh san Acht Craolacháin 2009 (an "tAcht"), leathnaíodh na catagóirí soláthraithe ar féidir le Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") ordú tobhaigh a fhorchur orthu. Dá réir sin, tugann Alt 21 den Acht an chumhacht anois don Choimisiún ordú tobhaigh a fhorchur orthu siúd a leanas:

– Soláthraithe seirbhísí meán closamhairc;
– Soláthraithe seirbhísí craolacháin fuaime;
– Soláthraithe seirbhísí ainmnithe ar líne;
– Soláthraithe seirbhíse idirghabhálaí; agus
– Soláthraithe seirbhísí óstála.

In 2024, fuair an Coimisiún maoiniú státchiste i bhfoirm deontais ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ón Roinn Dlí agus Cirt. Leis an deontas sin maoiníodh na feidhmeanna a bronnadh ar an gCoimisiún maidir lena ról mar Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha na hÉireann (DSC) faoi Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha an Aontais Eorpaigh (DSA) agus mar údarás inniúil faoin Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR). Fuair an Coimisiún maoiniú freisin i ndáil le Ciste na Meán.

Tá gá le hioncam tobhaigh chun comhlíonadh fheidhmeanna rialála an Choimisiúin i ndáil le seirbhísí meán closamhairc, seirbhísí craolacháin fuaime, seirbhísí ainmnithe ar líne, seirbhísí idirghabhálacha agus seirbhísí óstála a mhaoiniú. De réir Alt 21(4) den Acht, ní mór don Choimisiún féachaint lena chinntiú go bhfuil an t-ioncam tobhaigh leordhóthanach chun a chaiteachais a thabhaigh sé go hiomchuí agus a riachtanais chaipitil oibre don tréimhse thobhaigh iomchuí a íoc a mhéid nach gcomhlíontar na caiteachais agus na ceanglais sin ar bhealaí eile.

# Cuspóir an Chomhairliúcháin agus Achoimre Air

Rinneadh comhairliúchán an Choimisiúin maidir leis an Ordú Tobhaigh beartaithe i leith na tréimhse tobhaigh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025 a fhoilsiú an 2 Meán Fómhair 2024, agus iarradh freagraí faoin 2 Deireadh Fómhair 2024. Cuireadh síneadh leis an spriocdháta ina dhiaidh sin go dtí an 4 Deireadh Fómhair 2024. Iarradh barúlacha sa chomhairliúchán maidir le tograí an Choimisiúin le haghaidh ordú tobhaigh i leith na tréimhse tobhaigh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2025 ("Ordú Tobhaigh 2025").

Tugadh ar aird sa doiciméad comhairliúcháin an chúis le hordú tobhaigh a dhéanamh nach gcumhdaíonn ach bliain amháin, eadhon, toisc gurb í 2025 an chéad bhliain ina mbeidh tobhaigh á bhforchur ag an gCoimisiún a bhaineann le gníomhaíochtaí DSA agus TCOR, measann an Coimisiún go bhfuil sé stuama athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú an chórais tobhaigh sula socraíonn sé ar chóras níos fadtéarmaí. Ní bheidh maoiniú státchiste ag teastáil ón gCoimisiún a thuilleadh dá chostais. Ina theannta sin, d'fhéadfadh faisnéis a bhailítear agus tobhach 2025 á ríomh a bheith in úsáid chun an cur chuige níos fadtéarmaí maidir le tobhaigh amach anseo a chinneadh. Thug an Coimisiún le fios freisin go rachadh sé i gcomhairle arís i rith 2025 sula ndéanfadh sé ordú tobhaigh do 2026 agus do thréimhsí ina dhiaidh sin.

Cuireadh deich n-aighneacht san iomlán faoi bhráid an Choimisiúin faoin 4 Deireadh Fómhair 2024, agus fuarthas aighneacht dhéanach amháin ar an 11 Deireadh Fómhair 2024, ó na heintitis a leanas:

| | |
|---|---|
| Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann | Vodafone |
| Eir | TG4 |
| Meta (Facebook agus Instagram) | Virgin Media |
| Pinterest | X |
| RTÉ | Technology Ireland (IBEC) |

| | |
|---|---|
| Bauer Media (aighneacht dhéanach) | |

Is féidir cóip de gach aighneacht a fháil ar ár suíomh gréasáin tríd an nasc seo a leanas https://www.cnam.ie/wp-content/uploads/2024/12/LevyConsultation-2024-Published_Responses_Dec2024.pdf.

# Forbhreathnú ar na Príomhcheisteanna a Ardaíodh mar Fhreagra ar Chomhairliúchán

Soláthraíonn an doiciméad Freagra ar Chomhairliúchán seo achoimre ar na príomhcheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí a fuair an Coimisiún. Mar sin féin, ní airbheartaítear sa doiciméad seo go leagtar amach go cuimsitheach na saincheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí sin. Rinne an Coimisiún breithniú ar gach saincheist a ardaíodh sna haighneachtaí éagsúla sula ndearna aon chinneadh. Go hachomair, i measc na bpríomhcheisteanna a d'aithin na freagróirí bhí:

- Na méadrachtaí a úsáidtear do na tobhaigh ar leith.
- Soláthraithe a bheith faoi réir tobhaigh iolracha.
- An leibhéal iomchuí don díolúine ó láimhdeachas.
- Teorainn fhéideartha ar thobhaigh is iníoctha ag soláthraí seirbhíse aonair.
- An fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

## Líon na dTobhach (4.1 den Chomhairliúchán)

- *Barúlacha ó fhreagróirí*

Cheistigh Meta conas a d'fhéadfaí seirbhísí Idirghabhálacha agus Óstála a thobhach i gcúinsí ina bhfuil an Coimisiún fós tar éis na soláthraithe ábhartha go léir a shainaithint laistigh de na catagóirí sin. Mhaígh Meta go mbeadh ualach díréireach ar roinnt soláthraithe seirbhíse dá bhforchuirfí tobhach ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha agus óstála a shainaithin an Coimisiún, ach nach bhforchuirtear orthu siúd atá fós le sainaithint.

*Breithniú agus seasamh críochnaitheach Choimisiún na Meán*

Mar a leagtar amach sa togra Comhairliúcháin, sainordaítear tobhaigh do sholáthraithe seirbhíse idirghabhálacha agus do sholáthraithe seirbhísí óstála leis na leasuithe ar an Acht. Dá réir sin, mhéadaigh an Coimisiún líon na dtobhach is infheidhme chun cuntas a thabhairt air sin.

Ceal aon oibleagáid reachtúil fógra a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha, aontaíonn an Coimisiún go bhfuil baol ann nach mbeidh sé in ann gach seirbhís idirghabhálaí a shainaithint, go háirithe iad siúd a bhfuil líon úsáideoirí níos lú acu. Tá an Coimisiún ag súil go mbainfidh formhór a iarrachta rialála le rialáil ardán ar líne agus inneall cuardaigh a bhfuil níos mó ná 1 mhilliún AMAR acu agus dá bhrí sin, nach bhfuil sé ag moladh tobhach a fhorchur ach amháin maidir le hardáin ar líne agus innill chuardaigh ag a bhfuil AMARanna de bhreis ar 1 mhilliún. Tá gach iarracht réasúnach á déanamh ag an gCoimisiún chun clár de na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ábhartha a thiomsú. Níltear ag súil go ndéanfaidh cuimsiú nó eisiamh soláthraithe níos lú, níos deacra a shainaithint ón gclár seo, difríocht ábhartha don ualach a bheidh le hiompar ag na soláthraithe sin ar sainaithníodh seirbhísí ina leith. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go ndéanfaidh an Coimisiún soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha ábhartha den sórt sin ar thug an Coimisiún

fógra dóibh gur ardán ar líne nó inneall cuardaigh ar líne iad a seirbhísí idirghabhálacha a thobhach i rith na tréimhse tobhaigh 1 Eanáir 2025 – 31 Nollaig 2025.

Tugtar breac-chuntas níos mionsonraithe ar an bpróiseas chun an tobhach is infheidhme maidir le soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha a ríomh i Roinn 4.6 thíos.

Maidir le soláthraithe seirbhísí óstála, chinn an Coimisiún tobhach a fhorchur i leith na seirbhísí sin amháin i gcás ina bhfuil cinneadh déanta ag an gCoimisiún go bhfuil na seirbhísí sin neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta agus i gcás ina bhfuil fógra tugtha do sholáthraithe na seirbhísí sin faoin gcinneadh sin. Táthar ag súil go dtabharfaidh na seirbhísí seo cuntas ar fhormhór iarracht rialála an Choimisiúin i ndáil le TCOR.

## An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do Chraoltóirí Teilifíse (4.2 den Chomhairliúchán)

*Barúlacha ó fhreagróirí*

Níor aontaigh TG4 le tuairimí an Choimisiúin agus mhol siad gur cheart go mbeadh an tobhach do chraoltóirí teilifíse bunaithe ar líon an lucht féachana seachas ioncam cáilithe. Mhol TG4 freisin, sa chás go bhfuil soláthraí faoi réir tobhach a íoc faoi níos mó ná catagóir amháin, gur cheart an tobhach is infheidhme a chionroinnt. Is é an réasúnaíocht atá ag TG4 don mholadh seo ná gur craoltóir mionteangacha é TG4, le líon íseal lucht féachana i gcoibhneas lena ioncam cáilithe agus dá bhrí sin, maíonn TG4 go gcosnaíonn sé níos lú é a rialáil. Tharraing TG4 aird freisin ar na difríochtaí sa tslí ina ríomhtar na tobhaigh is infheidhme maidir le gach catagóir éagsúil soláthraí seirbhíse agus go sonrach, go mbeadh úsáid a bhaint as líon an lucht féachana chun an tobhach is infheidhme maidir le craoltóirí teilifíse a ríomh cosúil le húsáid AMARanna i leith ríomh an tobhaigh do sholáthraithe eile, amhail seirbhísí ar éileamh, seirbhísí idirghabhálacha agus seirbhísí óstála.

Mhol RTE gur chóir go mbeadh an tobhach do chraoltóirí teilifíse bunaithe ar ioncam fógraíochta amháin agus ioncam cáilitheach á bhreithniú. Creideann siad go méadóidh na hathruithe ar an modheolaíocht ranníocaíocht tobhaigh RTE go díréireach.

*Breithniú agus seasamh críochnaitheach Choimisiún na Meán*

Measann an Coimisiún, cé go dtéann tairbhí an rialacháin chun leasa úsáideoirí go príomha, go mbaineann gach eintiteas rialáilte in earnáil tairbhe as cothrom na féinne ó thaobh na rialála de agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé cothrom cionroinnt a bhunú ar mhéadracht a léiríonn acmhainn chun íoc, gan iarracht a dhéanamh é sin a choigeartú le haghaidh difríochtaí i gcostas na ngníomhaíochtaí rialála a bhaineann le heintitis shonracha.

Mar a luadh i gcomhairliúchán an Choimisiúin maidir le hOrdú Tobhaigh 2024, ní athróg ionadach thar a bheith maith iad líon an lucht féachana maidir leis an gcostas a bhaineann le rialáil eintiteas – mar shampla tá gníomhaíochtaí éagsúla ann a bhaineann le craoltóirí seirbhíse poiblí i gcomparáid le craoltóirí ceadúnaithe, nach ndéanann líon an lucht féachana difear dóibh.

Maidir le seirbhísí ar éileamh, seirbhísí idirghabhálacha agus seirbhísí óstála, úsáidtear AMARanna mar bhonn don tobhach toisc gur athróg ionadach iad maidir le hacmhainn chun íoc, agus ní toisc gur athróg ionadach iad don chostas rialála.

Saineofar ioncam cáilitheach soláthraithe seirbhíse clár teilifíse agus soláthraithe craolacháin fuaime i sceideal Ordú Tobhaigh 2025 ar an gcaoi chéanna agus a bhí sé in Ordú Tobhaigh 2024. Cuirfear an t-ioncam go léir, lena n-áirítear maoiniú státchiste, san áireamh i ríomh an tobhaigh mar aithnítear é mar chineál maoinithe don soláthraí agus, dá bhrí sin, ba cheart é a áireamh san ioncam cáilitheach.

Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún an cur chuige a mholtar sa doiciméad comhairliúcháin a choinneáil maidir leis an tobhach do sholáthraithe seirbhíse clár teilifíse a bhunú ar ioncam cáilitheach agus ar mheán na samhla banda-bhunaithe cúlchéimnithí agus na samhla ráta sheasta agus é ag tosú ar an aistriú féideartha chun samhail ráta sheasta a ghlacadh go hiomlán (faoi réir tuilleadh comhairliúcháin in 2025). Tá sé sin bunaithe ar an réasúnaíocht gur cheart go léireodh an chionroinnt costais cumas íocóirí tobhaigh éagsúla a íoc.

## Alt 71 Conraitheoirí (4.2.1 den chomhairliúchán)

*Barúlacha ó fhreagróirí*

Fáiltíonn Virgin Media TV roimh an gcinneadh na táillí a ghearrtar ar chonraitheoirí Alt 71 a tharscaoileadh. Níor cuireadh aon bharúil eile ó fhreagróirí in iúl.

Tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún dul ar aghaidh mar atá leagtha amach sa togra Comhairliúcháin agus ní dhéanfar aon athruithe ar an mbealach ar déileáladh le Conraitheoirí Alt 71 in 2024.

## An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do chraoltóirí raidió / fuaime (4.3 den Chomhairliúchán)

*Barúlacha ó fhreagróirí*

Molann Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann (IBI) aistriú ó mheicníocht 'chúlchéimnitheach' go meicníocht 'fhorásach', ag tabhairt dá aire go mbeadh cineálacha cur chuige amhail Ofcom níos fabhraí. Lorgaíodh soiléireacht maidir le hioncam cáilitheach a ríomh agus na foirmeacha ioncaim a chuirfí san áireamh. Leag IBI béim ar na dúshláin atá roimh an earnáil agus d'iarr ar an gCoimisiún maoiniú státchiste a lorg chun an t-ualach a bhaint ón earnáil. D'iarr IBI ar an gCoimisiún a bheith trédhearcach maidir leis na costais a bheadh á gclúdach ag an earnáil agus a chinntiú nach dtabharfadh an earnáil fóirdheontas don chostas a bhaineann le hearnálacha eile a rialáil.

Mhol Teicneolaíocht Éireann (IBEC) uasteorainn táillí cosúil leis an uasteorainn a chuirtear ar tháillí maoirseachta an Choimisiúin Eorpaigh mar aon le huasteorainn chéatadáin in aghaidh an chineáil seirbhíse. Bhí siad ag teacht le barúlacha ó IBI ag lorg trédhearcacht costas in aghaidh na hearnála, chomh maith le soiléireacht maidir leis an bpróiseas barrachais tobhaigh agus tráthúlacht an tobhaigh. Dúirt siad nár cheart aon tobhach a ghearradh ar earnálacha ina bhfuil maoirseacht fós le tosú.

Chuir Bauer Media i dtábhacht gur dócha go rachadh an t-athrú atá beartaithe ag an gCoimisiún ó shamhail ioncaim bhandáilte/chisealaithe go tobhach ar ráta seasta chun tairbhe fhormhór na n-oibreoirí agus fhormhór na stáisiún níos lú ach go gcuirfeadh an t-athrú an dá sheirbhís náisiúnta faoi mhíbhuntáiste éagórach mar gheall orthu a bheith níos mó

*Breithniú agus seasamh críochnaitheach Choimisiún na Meán*

Aontaíonn an Coimisiún leis an moladh maidir le haistriú ó mheicníocht 'cúlchéimnitheach'. Roghnaíodh samhail ráta sheasta mar shamhail riaracháin níos simplí chun cur chuige níos cothroime a chumasú agus chun ligean don earnáil tacú le forbairt seirbhísí nua agus nuálacha. Faoi shamhail ráta sheasta, is mó a thugann seirbhísí níos mó, agus is lú a thugann seirbhísí níos lú ansin mar a bheadh amhlaidh faoi shamhail chúlchéimnitheach. Measann an Coimisiún go léiríonn sé seo níos fearr an cumas atá ag seirbhísí éagsúla cur leis na costais rialála a bhaineann leis an earnáil. Cé go n-aithnímid go bhfuil dúshláin roimh an tionscal, tá sé i gceist leis an ríomh a chinntiú go n-íocfaidh an earnáil a cuid (agus nach n-íocfaidh sí ach a cuid) de chostais agus riachtanais chaipitil oibre an Choimisiúin a thabhófar go cuí don tréimhse.

Tá sé i gceist ag an gCoimisiún ráitis airgeadais a fhoilsiú sa tuarascáil bhliantúil mar aon le nochtadh arna n-éileamh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Tá tuilleadh sonraí faoi fhreagra an Choimisiúin ar an teorainn mholta le fáil i roinn 4.6.

Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún a mholadh a choimeád ar bun gur cheart an tobhach do 2025 a aistriú go dtí ráta céatadáin seasta de shamhail ioncaim cháilithigh.

## An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do sholáthraithe Físeán-ar-éileamh (VOD) (4.4. den Chomhairliúchán)

*Barúlacha ó fhreagróirí*

Mhaígh Eir agus Vodafone nach bhfaigheann a n-ábhar ar éileamh aon ioncam breise, ar leithligh ón méid a thuilleann siad ón ábhar céanna nuair a chraoltar é agus measann siad dá bhrí sin nach bhfuil aon ioncam breise ó sheirbhísí VOD ar ghá tobhach a ghearradh ina leith. Ós rud é go dtagann Virgin Media, TG4 agus RTE ar fad faoi níos mó ná catagóir tobhaigh amháin chuirfidís fáilte roimh chur chuige maidir le tobhaigh níos ísle faoi sheirbhísí VOD go háirithe más ionann an t-ábhar. Moladh amháin a bhí ann ná an tobhach a chionroinnt ar fud na seirbhísí. Mhol TG4 gur cheart go mbeadh an tobhach bunaithe ar fhigiúirí bliantúla lucht féachana agus ní ar ioncam cáilithe.

*Breithniú agus seasamh críochnaitheach Choimisiún na Meán*

Déanfar ioncam cáilitheach chun críocha soláthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh a shainiú i sceideal Ordú Tobhaigh 2025 ar an mbealach céanna le hOrdú Tobhaigh 2024. Cuirfear an t-ioncam go léir a thagann faoin sainmhíniú sin san áireamh i ríomh an tobhaigh.  Ní ghlacann an Coimisiún leis gurb ionann an t-ioncam cáilitheach ó sheirbhísí VOD do na freagróirí seo agus nialas. Ní mheasann an Coimisiún ach oiread gur táscaire fónta iad líon an lucht féachana ar an gcostas a bhaineann le rialáil eintiteas, mar a míníodh thuas ar na freagraí ó chraoltóirí teilifíse.

Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún go bhfanfaidh an modh chun an tobhach a ríomh do sholáthraithe seirbhísí meán closamhairc ar éileamh do 2025 mar a bhí sé in 2024 don earnáil sin.

I gcás soláthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh a sholáthraíonn seirbhísí den sórt sin mar chuid de bheart lena n-áirítear seirbhísí eile amhail teilifís bheo agus leathanbhanda, éileofar orthu fós a n-ioncam a chionroinnt i measc na seirbhísí sa bheart, agus deimhniú iniúchóra a sholáthar go ndearnadh é sin ar bhealach cóir réasúnta. Cinnfear an tobhach de réir chionroinnt an ioncaim idir seirbhísí craolacháin agus seirbhísí meán closamhairc ar éileamh, léiríonn an t-ioncam sin ó sholáthraithe seirbhíse meán closamhairc ar éileamh an acmhainn chun íoc.

Breithneoidh an Coimisiún a indéanta atá cineálacha éagsúla cur chuige maidir le cionroinnt tobhaigh amach anseo, agus bainfidh sé leas as sonraí a bhaileofar in 2025.

## An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do Sheirbhísí Ainmnithe Ar Líne (4.5 den Chomhairliúchán)

*Barúlacha ó fhreagróirí*

Ní aontaíonn Pinterest ná Meta leis an gcur chuige atá molta ag an gCoimisiún. Molann an dá cheann acu leas a bhaint as líon na n-úsáideoirí ‘á n-úsáid’ agus luann siad go bhfuil sé ar intinn acu sonraí a sholáthar

chun na méideanna sin a léiriú. Mhol Meta freisin uasteorainn atá cosúil leis an uasteorainn ar thobhach maoirseachta an Choimisiúin Eorpaigh.

*Breithniú agus seasamh críochnaitheach Choimisiún na Meán*

Measann an Coimisiún go bhfuil luach éigin, i bprionsabal, sa mholadh go bhféadfaí an mhéadracht arna húsáid chun an tobhach a ríomh a bhunú ar líon na n-úsáideoirí a fhéachann go gníomhach ar fhíseán seachas ar AMARanna iomlána don tseirbhís atá i gceist. Ní dócha, áfach, go bhféadfaí sonraí den chineál seo, arna ríomh ar bhealach comhsheasmhach ar fud na soláthraithe go léir, a fháil in am chun tobhach 2025 a ríomh. Tugtar le fios i bhfreagraí ar fhógraí faisnéise reachtúla a eisíodh i gcomhthéacs ainmniúcháin VSPanna go n-úsáideann ardáin éagsúla sainmhínithe éagsúla, amhail cibé an raibh físeán le feiceáil i bhfotha úsáideora, cibé acu ar breathnaíodh air ar feadh íosfhad ama, nó cén céatadán d'fhíseán a bhí le feiceáil ar scáileán an úsáideora. Ina theannta sin, tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an fheidhmiúlacht comhroinnte físeán ar fáil do gach úsáideoir seirbhíse ainmnithe cibé acu a úsáideann siad í in aon mhí áirithe nó nach n-úsáideann.

Mar is amhlaidh leis an tobhach craolacháin teilifíse, measann an Coimisiún, cé go dtéann tairbhí an rialacháin chun leasa úsáideoirí go príomha, go mbaineann gach eintiteas rialáilte in earnáil tairbhe as cothrom na féinne ó thaobh na rialála de agus, dá bhrí sin, go bhfuil sé níos cothroime ar an iomlán maidir le cionroinnt ar bhonn méadrach a léiríonn acmhainn chun íoc na n-eintiteas, gan iarracht a dhéanamh é sin a choigeartú le haghaidh difríochtaí i gcostas gníomhaíochtaí rialála a bhaineann le hearnálacha sonracha nó le seirbhísí aonair.

I gcomhréir le pointe a rinne an Coimisiún níos luaithe gur athróg réasúnta iad AMARanna maidir leis an acmhainn chun íoc, chinn an Coimisiún, dá bhrí sin, a mholadh a choimeád ar bun gur cheart an tobhach do 2025 a bheith i gcomhréir leis na AMARanna is déanaí a foilsíodh. Iarrfar ar sheirbhísí ainmnithe ar líne nár fhoilsigh AMARanna beachta figiúirí a sholáthar don tréimhse 6 mhí roimhe sin sula ríomhfar an tobhach. Ba cheart AMARanna a bheith bunaithe ar úsáideoirí 'logáilte isteach' agus níor cheart go n-áireofaí leo aon úsáideoirí nach raibh 'logáilte isteach' acu.

## An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (Roinn 4.6 den Chomhairliúchán)

*Barúlacha ó fhreagróirí*

Ní aontaíonn Pinterest leis an gcur chuige atá beartaithe ag an gCoimisiún agus cuireann sé in aghaidh na mbeart chun bogadh chuig tobhach brabús-bhunaithe, cosúil leis an gcur chuige a úsáideann an Coimisiún Eorpach chun a tháillí maoirseachta san earnáil seo a ríomh. Cuireann Meta ábhair imní in iúl maidir leis na seirbhísí a bheartaíonn an Coimisiún a chur san áireamh ina raon feidhme ar féidir tobhadh a ghearradh ar ISPanna ina leith. Cé go n-aontaíonn Meta nár cheart feidhm a bheith ag an tobhach is infheidhme maidir le ISPanna ach amháin maidir le soláthraithe ardán ar líne agus inneall cuardaigh ar líne, agus nár cheart ach seirbhísí seolta, taisce agus óstála nach ardáin ar líne iad a eisiamh, tugann Meta dá haire nach bhfuil aon cheanglas ann maidir le ISPanna a ainmniú ná a chlárú roimh an Ordú Tobhaigh. D'fhiosraigh Meta freisin conas a chinnteoidh an Coimisiún go bhforchuirfear na tobhaigh go cothrom agus go comhréireach ar fud gach soláthraí seirbhíse sa raon feidhme.

*Breithniú agus seasamh críochnaitheach Choimisiún na Meán*

Tá ríomh tháille mhaoirseachta an Choimisiúin Eorpaigh bunaithe den chuid is mó ar AMARanna ach tá sé faoi réir uasteorainn 0.05% de ghlanioncam (brabús) eintitis.

D'fhéadfadh an teorainn an táille mhaoirseachta is iníoctha ag eintiteas ag a bhfuil AMARanna móra, ach brabús beag, a laghdú. Cuireann sé roinnt srianta freisin ar an méid iomlán is féidir a aisghabháil trí na táillí maoirseachta.

I gcás an Choimisiúin, baineann an méid iomlán atá le gnóthú le gach tobhach leis na costais a tabhaíodh trí na feidhmeanna iomchuí a chomhlíonadh. Tá dualgas reachtúil ar an gCoimisiún na feidhmeanna sin a chomhlíonadh go héifeachtúil agus go héifeachtach. Le chéile, soláthraíonn na teorainneacha sin srian cuí ar an méid iomlán atá le haisghabháil trí thobhach.

Measann an Coimisiún go mbeadh sé casta ó thaobh riaracháin de uasteorainn a thabhairt isteach ar an tobhach is infheidhme bunaithe ar ghlanbhrabús eintitis de bhreis ar an tobhach a bhunú ar AMARanna. Tugann an Coimisiún dá aire gur maolaíodh an baol go gcuirfí ualach tobhaigh ar ardán beag neamhbhrabúsach trí thairseach de minimis 1 mhilliún AMAR a chur san áireamh do sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha.

Tá a sheasamh leagtha amach ag an gCoimisiún maidir le soláthraithe seirbhíse a shainaithint ina fhreagra ar bharúlacha ar Roinn 4.1 den chomhairliúchán.

Dá bhrí sin, tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún na tograí atá leagtha amach sa doiciméad comhairliúcháin a choimeád.

## An cur chuige tobhaigh atá beartaithe do sholáthraithe seirbhísí óstála (TCOR) (4.7 den Chomhairliúchán)

*Barúlacha ó fhreagróirí*

Ní aontaíonn Pinterest le cur chuige an Choimisiúin agus molann sé an cur chuige céanna a mholtar sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha. Tá X ag lorg soiléireachta maidir leis an gcaoi a ríomhfar AMARanna chun críche an Tobhaigh. Áitíonn Meta nár cheart próisis chun déileáil le cásanna neamhchomhlíonta a thobhach chomh mór le hardáin i gcás nach ann do chosaintí den sórt sin, agus gur lú an riosca dá bhrí sin. Ós rud é go n-éilíonn rialacháin a achtaíodh roimhe seo orthu ábhar neamhdhleathach a chosc, creideann siad gur cheart é sin a chur san áireamh i bhfoirm lascaine nuair a bhíonn a ranníocaíocht tobhaigh á ríomh.

*Breithniú agus seasamh críochnaitheach Choimisiún na Meán*

Molann an Coimisiún cur chuige comhchosúil leis an gcur chuige a glacadh maidir leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, agus forchuirtear tobhaigh ar sholáthraithe ábhartha maidir le cibé ceann de sheirbhísí an tsoláthraí ar tugadh fógra dóibh ina leith go bhfuil siad neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta.

Déanfar AMARanna a ríomh ar an mbealach céanna leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, ach amháin go bhféadfadh sé gur ghá iad a ríomh ar leithligh le haghaidh seirbhísí óstála atá neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta nach ardáin ar líne iad. Ní mheastar, áfach, go mbeidh aon seirbhísí den sórt sin faoi dhliteanas i leith tobhaigh in 2025.

Measann an Coimisiún nach mbeadh sé praiticiúil ná iomchuí measúnú a dhéanamh ar an riosca a bhaineann le seirbhísí aonair bunaithe ar chineál a seirbhíse nó a mbonn úsáideoirí.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na seirbhísí go léir a d'fhéadfaí tobhach a ghearradh orthu in 2025 go bhfuil siad neamhchosanta ar ábhar sceimhlitheoireachta agus ceanglófar orthu beart sonrach a dhéanamh

chun na rioscaí a mhaolú. Níor cheart, dá bhrí sin, go mbeadh bearta a dhéanamh ina gcúis le méid an tobhaigh is iníoctha a laghdú nó a lascainiú.

## Raon feidhme geografach na méadrachta (5.1 den Chomhairliúchán)

*Ní bhfuarthas aon bharúil shuntasach ó fhreagróirí ar an roinn seo*

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an beartas a ghlacadh mar a thuairiscítear sa pháipéar Comhairliúcháin maidir le hioncam cáilitheach ar fud an Aontais agus méadrachtaí úsáideoirí gníomhacha míosúla a úsáid chun gach ranníocaíocht tobhaigh a ríomh.

## Tréimhse ama na méadrachta (5.2 den Chomhairliúchán)

*Barúlacha ó fhreagróirí*

Léirigh TG4 tuairim gur cheart méadrachtaí a bheith bunaithe ar chostais iarbhír ar a bhfuil eolas i dtús na tréimhse tobhaigh seachas ar mheastacháin.

*Breithniú agus seasamh críochnaitheach Choimisiún na Meán*

Tá cinneadh déanta ag an gCoimisiún dul ar aghaidh lena thogra chun ríomhanna tobhaigh a bhunú ar shonraí AMARanna dearbhaithe ó Lúnasa 2024 agus ar chostais réamh-mheasta do 2025 mar a cheanglaítear le reachtaíocht, rud nach féidir leis imeacht uaidh go dlíthiúil.

## Soláthraithe Seirbhísí Iomadúla (5.3 den Chomhairliúchán)

*Barúlacha ó fhreagróirí*
D'ardaigh Meta an cheist maidir le muirearú dúbailte a bheith gearrtha ar sholáthraithe mar gheall ar an tobhach a bheith á chur i bhfeidhm ar sheirbhísí seachas ar sholáthraithe, agus tá sé sin ar cheann de na cosaintí a tugadh isteach le teorainn an Choimisiúin Eorpaigh. Shonraigh Meta go ndéantar ioncam cáilitheach tobhaigh teilifíse/VOD a chionroinnt agus ba mhaith leo cionroinnt den chineál céanna a fheiceáil do AMARanna ionas go bhféadfaí thobhach a chur i bhfeidhm faoi chatagóirí don tseirbhís chéanna.

*Breithniú agus seasamh críochnaitheach Choimisiún na Meán*

Measann an Coimisiún gur cuí an tobhach a bhunú ar AMARanna le haghaidh gach seirbhíse, fiú más é an soláthraí céanna a oibríonn na seirbhísí. Ciallaíonn sé sin nach mbraitheann an tobhach is infhaighte ag an gCoimisiún ar oibritheoir na seirbhíse don tréimhse faoi láthair (fad a fhanann an tseirbhís faoi dhlínse an Choimisiúin). Thairis sin, measann an Coimisiún go ndéantar an acmhainn chun íoc a ionadú ar bhealach níos fearr trí na AMARanna a chur leis le haghaidh seirbhísí éagsúla seachas machnamh a dhéanamh ar AMARanna foriomlána le haghaidh na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil.

I gcás ina bhfuil seirbhís faoi réir níos mó ná tobhach amháin, tá sé sin mar gheall ar na córais rialála éagsúla a bhfuil feidhm acu maidir leis an tseirbhís. Níl aon chomhaireamh dúbailte ar chostais an Choimisiúin agus na tobhaigh ar leithligh á ríomh.

## Díolúintí de minimis (Alt 5.4 den Chomhairliúchán)

*Barúlacha ó fhreagróirí*

Bhí Craoltóirí Neamhspleácha na hÉireann den tuairim gur cheart go mbeadh an díolúine de minimis i bhfad níos airde ná mar atá faoi láthair agus gur cheart é a mhéadú go €3 mhilliún d'ioncam cáilitheach sula mbeadh aon tobhach iníoctha. Dúirt siad freisin gur cheart an ráta % ina dhiaidh sin a bheith níos ísle ná mar a bhí beartaithe freisin, níos ísle faoi 0.75%. Dúirt Virgin freisin gur cheart go mbeadh an tairseach de minimis níos airde ná mar atá faoi láthair agus thagair sí dá mbarúlacha a rinneadh in 2023 maidir le Comhairliúchán Tobhaigh 2024.

*Breithniú agus seasamh críochnaitheach Choimisiún na Meán*

Níor áitíodh ar an gCoimisiún leis na barúlacha ó fhreagróirí a rinneadh thuas gur mhó na breithnithe sin ná an gá atá le ranníocaíocht mheasartha chothrom a tharraingt isteach ó eintitis bheaga le haghaidh na seirbhísí rialála a chuirtear ar fáil, a rachadh chun tairbhe dóibh, chomh maith le soláthraithe seirbhíse eile, go suntasach. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an díolúine de €500,000 de minimis a choinneáil le haghaidh Ordú Tobhaigh 2025.

## Clár maidir le Dearbhú an Réitigh Tobhaigh (Roinn 5.5 den Chomhairliúchán)

*Barúlacha ó fhreagróirí*

Dúirt Meta nár thacaigh siad le Clár Réitigh toisc gur mheas siad gur cheart na sonraí a úsáideann an Coimisiún chun an tobhach a ríomh a bheith bunaithe ar chostais iarbhír seachas ar mhéadrachtaí réamh-mheasta, rud nach n-éileodh aon fhíorú ina dhiaidh sin.

*Breithniú agus seasamh críochnaitheach Choimisiún na Meán*

Tugann an Coimisiún dá aire an chastacht riaracháin a bhaineann leis an bpróiseas réitigh. Tá an chionroinnt tobhaigh bunaithe ar mhéadrachtaí atá ar eolas ag an am sin, is mar sin a ríomhtar an tobhach (e.g. AMARanna stairiúla nó ioncaim ó thréimhsí cuntasaíochta críochnaithe). Maidir leis sin, ní theastaíonn réiteach ach amháin má tharlaíonn sé go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear isteach níos déanaí mícheart.

Tá an tobhach bunaithe ar chostais réamh-mheasta a thabhófar le linn na tréimhse tobhaigh agus foráiltear in Acht 2009 go ndéanfar aon bharrachas a bhaileofar a aisíoc le híocóirí tobhaigh nó a chreidiúnú in aghaidh dliteanas tobhaigh amach anseo. Bíonn tréimhse réitigh ag teastáil ina leith seo. Dá mbeadh an tobhach bunaithe ar chostais iarbhír a tabhaíodh, chaithfí é a íoc tar éis cuntais iniúchta don tréimhse tobhaigh a bheith ar fáil. D'fhágfadh sé sin go mbeadh moill thart ar 18 mí nó níos mó ar an tobhach a íoc. Dá dhéanaí a íoctar an tobhach, is amhlaidh is mó a bheadh riachtanais chaipitil oibre an Choimisiúin. Chuirfeadh sé sin ualach breise ar íocóirí tobhaigh, arb ionann é agus 18 mí nó níos mó de chaiteachas bliantúil an Choimisiúin. Measann an Coimisiún nach chun leasa íocóirí tobhaigh a bheadh sé sin.

## Saincheisteanna Eile

Tugann an Coimisiún dá aire gur bhain cuid de na barúlacha a thug na freagróirí ar ranna eile den Chomhairliúchán le ceist na soláthraithe seirbhíse a bheith á tobhach ag níos mó ná comhlacht amháin. Mar sin féin, níorbh ionann na barúlacha sin agus agóid shoiléir ná comhaontú soiléir i gcoinne an togra maidir leis an tobhach a mhuirearú in aghaidh na seirbhíse. Ceanglaítear ar an gCoimisiún faoin Acht tobhach a fhorchur ar sholáthraithe a bheidh leordhóthanach chun íoc as speansais an Choimisiúin a tabhaíodh go cuí don tréimhse tobhaigh agus a riachtanais chaipitil oibre sa tréimhse sin, a mhéid nach gcomhlíontar na speansais agus na ceanglais sin ar bhealach ar bith eile. Dá bhrí sin, deimhníonn an Coimisiún go gcoinneoidh sé an cur chuige atá leagtha amach sa doiciméad Comhairliúcháin.

# Na Céimeanna atá Romhainn

Tá an Coimisiún buíoch as rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ó roinnt earnálacha sa phróiseas Comhairliúcháin seo. Leagfaidh an Coimisiún Ordú Tobhaigh faoi bhráid Thithe an Oireachtais roimh dheireadh 2024 a bheidh i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2025.

Eiseofar treoirlínte maidir le hoibríochtú Ordú Tobhaigh 2025 chuig gach páirtí ábhartha go luath i mí Eanáir 2025.

Lorgófar faisnéis ó íocóirí tobhaigh le linn mhí Eanáir 2025 chun gur féidir na méideanna is iníoctha ag gach íocóir tobhaigh do thréimhse tobhaigh 2025 a ríomh. Déanfar an muirear iomlán a shonrasc in dhá thráinse de mhéideanna comhionanna. Eiseofar an chéad cheann díobh sin ag tús mhí an Mhárta 2025; agus eiseofar an dara ceann ag tús mhí Lúnasa 2025 le híocaíochtaí dlite laistigh de 30 lá féilire ó dháta an tsonraisc.